S.3T

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002**

---

LAIDIN – GNÁTHLEIBHÉAL
(400 marc)

---

DÉ CÉADAOIN, 19 MEITHEAMH, TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.30

---

**1.** **[80]**

**(i)** Cuir Gaeilge ar:- (35)

Errans in silva spinam calcavit leo.
mox ad pastorem cauda venit blandiens:
“ne perturberis; imploro supplex opem,
non praedam quaero.” ponit in gremio pedem
homo sublatum, et eximens spinam gravi
levat dolore. redit hinc in silvas leo.
falso post tempus accusatus crimine
pastor damnatur, atque ludis proximis
ieiunis proici iubetur bestiis.

**PHAEDRUS**

**(ii)** Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú cúig mharc déag gach aon cheist acu):- (45)

**(a)** Déan críoch an scéal a athinsint de réir mar a insítear sa dán é.
**(b)** Cén cineál dáin é fabhalscéal?
**(c)** In aon abairt amháin, luaigh an pointe morálta atá sa dán, dar leat.
**(d)** Inis go hachomair fabhalscéal eile atá ar eolas agat a bhfuil ainmhithe mar charachtair ann.
**(e)** Scríobh nóta gearr i dtaobh Phaedrus.
**(f)** Roghnaigh dán eile ar do chúrsa a thaitin leat agus abair cén fáth ar thaitin sé leat.

**2.** Cuir Gaeilge ar:- **[80]**

*(Cogadh na Traí)*

Troia urbs antiqua et clara in Asia erat. Olim bellum longum inter Troianos et Graecos erat. Graeci naves aedificaverunt et per maria ad urbem Troiam navigaverunt. Ibi per novem annos cum Troianis pugnaverunt. Iam decimus annus belli aderat. Graeci defessi erant propter bellum longum. Patriam et familias videre volebant. Denique novum consilium ceperunt: equum magnum ex ligno aedificaverunt.

clarus: cáiliúil. decimus: deichiú. defessus: tuirseach. consilium capio: déanaim plean. lignum: adhmad.

**3.** Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair **ocht gcinn ar bith** de na ceisteanna ina dhiaidh. (Is fiú deich marc gach aon cheist acu):- **[80]**

*(Na trí chaiscín)*

Olim erat vir dives, qui unam filiam habebat. Haec filia erat Portia. Pater, postquam mortuus est, Portiae villam suam, fundosque, et omnia bona legavit. Multi iuvenes igitur eam in matrimonium ducere volebant. Sed pater viro indigno filiam suam tradere nolebat. Itaque necesse erat omnibus iuvenibus, qui Portiam in matrimonium ducere volebant, experimentum praebere.
Omnes iuvenes, postquam atrium intraverunt, tres cistas conspexerunt. Prima cista erat aurea, altera erat argentea, tertia erat plumbea. Necesse erat iuvenibus unam cistam deligere.

fundus: feirm. bona (iol.): earraí. lego: fágaim (le huacht) ag. indignus: neamhfhiúntach.
experimentum praebeo: téim faoi scrúdú. atrium: halla. cista: caiscín. deligo: roghnaím.

**(i)** Scríobh síos focal **Laidine amháin** a léiríonn cén uair a tharla an scéal seo.
**(ii)** Cé mhéad iníonacha a bhí ag an bhfear saibhir? Cad a d'fhág sé le huacht ag Portia?
**(iii)** Dá thoradh seo, cén mhian a bhí ag scata fear óg?
**(iv)** Cén rud nach raibh athair Portia sásta a dhéanamh?
**(v)** Cén rud a chaith na fir óga go léir a dhéanamh?
**(vi)** Cad a chonaic na fir óga ar theacht isteach sa halla dóibh? Cad iad na hábhair as a ndearnadh **an chéad dá cheann** de na rudaí seo?
**(vii)** As luaidhe a dhéantaí píobáin uisce i gcónaí. Cuimhnigh ar an bhfocal **Béarla** a thugtar ar an té a dhéanann agus a dheisíonn píobáin uisce, agus abair cad as a ndearnadh an tríú ceann de na rudaí.
**(viii)** Maidir leis na trí rud seo, cad a chaith na fir óga a dhéanamh?
**(ix)** Tabhair príomhanna **dhá cheann ar bith** de na briathra seo a leanas atá sa sliocht:-

habeo, duco, volo, intro, conspicio.

**(x)** Tabhair an Tuiseal Ainmneach, Uimhir Iolra, de **dhá cheann ar bith** de na hainmfhocail seo a leanas atá sa sliocht:-

vir, filia, pater, iuvenis, atrium.

**4.** Freagair Roinn A **nó** Roinn B. (Is fiú ochtó marc gach roinn):- **[80]**

**A.** Cuir Laidin ar:-

**(a)** D'ordaigh na tuismitheoirí do Chlaudia agus dá cairde fanacht sa bhaile. (16)

**(b)** Ach theastaigh uathu dul go dtí an t-amfaitéatar leis na fir agus na buachaillí. (16)

**(c)** Chuaigh na buachaillí go dtí an chathair go moch i dteannta a n-aithreacha agus d'fhill siad ar dhul faoi na gréine. (16)

**(d)** "Bhí an chathair chomh mór sin go raibh scanradh orainn," a dúirt siad. (16)

**(e)** Thuig na cailíní, áfach, go raibh na buachaillí sona sásta. (16)

sa bhaile: domi. amfaitéatar: amphitheatrum. go moch: mane.
ar dhul faoi na gréine: occasu solis. tá scanradh orm: timeo. sona sásta: laetus.

**NÓ**

**B.** Cuir Gaeilge ar:-

*(Cincinnatus, deachtóir in aghaidh a thola)*

Lucius Cincinnatus, iam <u>senex</u>, dictator <u>creatus est</u>, quod Romani ab hostibus territi sunt. Ubi legati ad Cincinnatum pervenerunt, <u>senex</u> in <u>fundo</u> suo laborabat.
"A populo Romano," legati dixerunt, "dictator <u>creatus es</u>. Cives te urbem <u>servare</u> volunt."
Ille respondit, "<u>Imperium</u> non <u>cupio</u> sed cives meos <u>adiuvabo</u>."
Cincinnatus <u>uxorem</u> togam suam e <u>casa</u> portare iussit. Statim ad urbem cum legatis festinavit. Mox hostes superavit et urbem <u>servavit</u>. Cincinnatus ad <u>fundum</u> statim <u>redivit</u>.

senex: seanfhear. creo: toghaim. fundus: feirm. servo: sábhálaim. imperium: cumhacht.
cupio: teastaíonn uaim. adiuvo: cuidím le. uxor: bean chéile. casa: teach beag. redeo: fillim ar ais.

**5. Stair na Róimhe, 264 – 44 R.Ch.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i bhfreagra ar bith. (20)

- **(i)** Luaigh **dhá** thoradh a bhí ar an gCéad Chogadh Púnach.
- **(ii)** Cén pháirt a ghlac Quintus Fabius Maximus Cunctator sa chogadh in aghaidh Hannibal?
- **(iii)** Conas a thóg na Rómhánaigh Iúgurta?
- **(iv)** Luaigh **dhá** leasú a rinne Marius san Arm Rómhánach.
- **(v)** Cén tábhacht a bhain le cath Gheata Collíneach?
- **(vi)** Cérbh iad na *Leges Corneliae* agus cén aidhm a bhí acu?
- **(vii)** Luaigh **dhá** eachtra thábhachtacha le linn shaol oibre Crassus.
- **(viii)** Cén tábhacht a bhain le trasnú an Rubicon ag Caesar?
- **(ix)** Cén fáth ar theith Pompeius chun na hÉigipte? Cad a tharla dó ansin?
- **(x)** Cad iad na torthaí a bhí ar chathanna Thapsus agus Munda sa bhliain A.D.46?

**B.** Rinne na deartháireacha Gracchi iarracht ar staid na mbochtán a fheabhsú. Scríobh cuntas gearr ar obair duine **amháin** de na deartháireacha. (20)

**NÓ**


Chruthaigh Scipio Africanus an cumas míleata a bhí ann sa Dara Cogadh Púnach, ach tamall ina dhiaidh sin d'fhág sé an saol poiblí agus fuair sé bás faoin tuath tar éis dó éirí as an obair. Déan cur síos ar phríomhimeachtaí a shaol oibre. (20)

**6.** **Saol Sóisialta agus Sibhialtacht na Rómhánach**. Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i bhfreagra ar bith. (20)

**(i)** Cad iad na dualgais a bhí ar an *praetor*?
**(ii)** Luaigh cúis **amháin** a mbeadh drogall, b'fhéidir, ar Rómhánach, an *toga* a chaitheamh?
**(iii)** Cad ba *cursus honorum* ann?
**(iv)** Déan cur síos ar na hábhair scríbhneoireachta a d'úsáideadh na Rómhánaigh.
**(v)** Sa teach Rómhánach, cad ba *triclinium* ann?
**(vi)** Luaigh **dhá** chineál gliaire agus déan cur síos ar a gcuid arm.
**(vii)** Ainmnigh **dhá** fhoinse ina bhfaigheadh na Rómhánaigh a gcuid sclábhaithe.
**(viii)** Luaigh **dhá** mhíbhuntáiste a bhain le cónaí sa chineál foirgnimh ar a dtugtaí *insula*.
**(ix)** Cad ba *apodyterium* ann?
**(x)** Cén áit a bhainfeadh duine úsáid as *abacus* agus cad chuige é?

**B.** Féach ar an léaráid thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é:- (20)



**(i)** Cén ghníomhaíocht atá ar siúl sa láthair atá sa léaráid? (4)

**(ii)** Ainmnigh ionad cáiliúil don ghníomhaíocht seo sa Róimh (4)

**(iii)** Samhlaigh gur buachaill nó cailín Rómhánach tú, agus tá tú díreach tar éis filleadh abhaile agus an lá caite agat ag an láthair thuas. Tá tú ar bís lena bhfuil feicthe agat a insint do do thuismitheoirí.

Scríobh síos an méid a déarfá leo mar gheall ar an láthair agus an lá spreagúil a bhí agat ann. (12)